

An Roinn Oideachais agus Scileanna

**Cigireacht Ábhair ar Bhéarla
TUAIRISC**

**Coláiste an Eachréidh
Coiléar Bán, Baile Átha an Rí, Contae na Gaillimhe
Uimhir Rolla: 76102K**

Dáta na cigireachta: 20 Samhain 2012



**A N R O I N N | D E P A R T M E N T O F
O I D E A C H A I S | E D U C A T I O N
A G U S S C I L E A N N A | A N D S K I L L S**

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA BHÉARLA

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

Dáta na cigireachta	20 Samhain 2012
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu <ul style="list-style-type: none">• Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha• Plé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí• Caidreamh le scoláirí	<ul style="list-style-type: none">• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith trí thréimhse ranga• Athbhreithniú ar obair na scoláirí• Aiseolas don phríomhoide agus don mhúinteoir

PRÍOMHCHINNTÍ

- Bhí an teagasc go maith nó go han-mhaith agus bhí an fhoghlaim go maith sna ceachtanna a breithníodh.
- Tá caidreamh an-mhaith ann idir na múinteoirí agus scoláirí
- Cé go bhfuil líon maith oibre scríofa á tháirgeadh ag scoláirí agus go soláthraítear aiseolais foirmitheach ar shleachta substaintiúla oibre, tá scóip ann chun tacú le gnóthachtáil ar chaighdeán níos airde fós, fiú, sa réimse seo.
- Tá tacaí scoile uile an-láidir ann don ábhar.
- Breathnaíodh ullmhúchán ar chaighdeán ard ag an múinteoir sna ceachtanna uile agus tá scéimeanna oibre mionsonraithe ullmhaithe do gach bliainghrúpa.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Tá gá le cur go follasach le stór foclóra na scoláirí agus ní mór forbairt níos marthanaí a bhaint amach i gcur chuige na scoláirí i leith na scríbhneoireachta mar phróiseas.
- Moltar tuilleadh forbartha a dhéanamh ar straitéisí na roinne um mheasúnú chun foghlama (McF), chun tacú le gnóthachtáil litearthachta níos airde fós ag na scoláirí.
- Ba chóir straitéisí breise chun léitheoireacht phearsanta a chothú a chuimsiú isteach sna scéimeanna oibre.

RÉAMHRÁ

Tá Coláiste an Eachréidh faoi phatrúnacht Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe. Coláiste iarbhunscoile lán-Ghaeilge comhoideachais is ea an scoil, a bunaíodh sa bhliain 2006, le 127 scoláire ar an rolla. Cuireann an scoil na cláir seo a leanas ar fáil: an Teastas Sóisearach (TS), clár Idirbhliana éigeantach, agus an Ardeistiméireacht Bhunaithe (AT).

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Tá gaol an-mhaith agus dearfach ann idir múinteoirí agus scoláirí.
- Bhí an teagasc maith nó an-mhaith sna ceachtanna a breithníodh. I measc na gcleachtas an-mhaith a breathnaíodh bhí gnáthaimh shoiléire a theagasc do scoláirí i dtaca le dathchódú gnéithe stíle sa bhfilíocht, nótaí a choinneáil ar ranna áirithe den chúrsa, agus tabhairt faoi úllmhú go straitéiseach do scrúduithe. Chomh maith leis sin, leagadh béim láidir ar shainathint fianaise mar thacaíocht dá mbarúla faoi théacsanna a lorg ó scoláirí.
- Bhí an fhoghlaim go maith sna ceachtanna a breithníodh. I measc na gcleachtas a thacaigh leis an bhfoghlaim bhí taifeadtaí de théacsanna a sheinm, íomhánna a chur ar taispeáint trí mheán an teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide (TFC) mar chúnaimh don tuiscint, agus aird a dhíriú ar naisc théamacha idir téacsanna scríofa i seánraí difriúla.
- Tacaítear le scileanna scríbhneoireachta na scoláirí trí úsáid a bhaint as eochairfhocail mar mhodh chun téarmaí nua a sheoladh isteach agus a atreisiú, comórtais ranga a thionscaint chun cruthaitheacht a chothú, agus samplaí de chaighdeáin a úsáid le scoláirí an chúigiú bliain. Ina theannta sin, tá moladh ag dul d'úsáid TFC ag scoláirí na hIdirbhliana, agus dá gcur chuige i leith na scríbhneoireachta mar phróiseas, chun nuachtlitir ar imeachtaí na scoile a eisiúint go coicísiúil. Chun tógáil ar seo, moltar go gcuirfí go sonrach le stór foclóra na scoláirí chun tacú le hobair cheapadóireachta. Freisin, moltar go bhforbrófaí cur chuige i leith na scríbhneoireachta mar phróiseas le gach rang-ghrúpa. Uime seo, ba chóir don roinn gabháil do mhunlú follasach do scoláirí ar scileanna dréachtaithe, eagarthóireachta agus athscríofa ag baint úsáide as TFC. Ó thaobh na scoláirí de, ba chóir go n-iarrfaidís ceapadóireachtaí substaintiúil a dhréachtadh agus a athdhréachtadh ó am go ham.
- Is spás spreagúil foghlama é an bonnseomra don Bhéarla, mar a gcuirtear obair scoláirí ar taispeáint chomh maith le háiseanna teagaisc chun tacú le tuiscint na scoláirí ar ghnéithe áirithe de chúrsa an Teastais Shóisearaigh.
- Dáiltear agus déantar monatóireacht ar obair bhaile agus tugtar aiseolais foirmitheach ar shleachta substaintiúla oibre. Moltar anois don roinn trí chleachtas breise a bhaineann le measúnú chun foghlama (MCF) a chur i bhfeidhm. Ar an gcéad dul síos, ba choir úsáid a bhaint as botúin na scoláirí féin chun treoir chomhthéacsaithe a thabhairt ar mheicníochtaí teanga. An dara ceann ná critéir mheastóireachta a úsáid le scoláirí an timthrialla shóisearaigh, chomh maith le scoláirí an timthrialla shinsearaigh, i marcáil agus i dtabhairt aiseolaithe ar shleachta substaintiúla scríbhneoireachta. An tríú ceann ná samplaí de chaighdeáin a úsáid ó am go chéile le gach rang-ghrúpa, chun tacú le piar-mheasúnú agus le féin-mheasúnú.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Tá na tacaí scoile uile don Bhéarla an-láidir. Ina measc tá soláthar an-mhaith amhláir sa timthriall sóisearach agus sa timthriall sinsearach, ranganna tiomsaithe ar bhonn cumais mheastha, seomraí ranga atá múinteoir-bhunaithe, scéim leabhar ar cíós do scoláirí an timthrialla shóisearaigh, acmhainní teagaisc TFC agus líonleabhair do na scoláirí uile. Cuirfear tuilleadh tacaíochta ar fáil do theagasc agus d'fhoghlaim nuair a dhéanfar an pacáiste ardáin scoile uile ar líne atá pleanáilte a ghníomhachtú, trína bhféadfaí ábhair ranga a uaslódáil a mbeadh cianrochtain ag scoláirí orthu.
- Agus súil le méadú suntasach ar an líon scoláirí an bhliain seo chugainn, tá sé beartaithe ag an mbainistíocht scoile an dara múinteoir Béarla a earcú. Moltar seo toisc go roinnfear dá bharr an obair phleanála roinne agus an ceartúchán ar obair na scoláirí idir an bheirt chomhghleacaithe.
- Cothaíonn imeachtaí a eagraítear laistigh den scoil scileanna agus suim na scoláirí sa Bhéarla. Orthu seo áirítear turais go léiriúcháin drámaíochta, eagrú ceardlainne le haoisscríbhneoir agus spreagadh na scoláirí le cur isteach ar chomórtais óráidíochta poiblí agus scríbhneoireachta.
- Cothaítear suim na scoláirí sa léitheoireacht phearsanta leis an riachtanas go dtáirgeodh scoláirí na chéad bhliana léirmheasa ar leabhair agus trí roinnt ceachtanna taoiléitheoireachta a chuimsiú i gclár na chéad bhliana. Mar bhreis ar sin, comhairlítear go n-ullmhófaí liostaí d'ábhar léitheoireachta molta do na haoisghrúpaí agus na hinscíní difriúla agus go gcuirfí ar fáil iad do scoláirí agus tuistí. Ba chóir go ndéanfaí machnamh ar chéatadán áirithe marcanna sna measúnaithe deireadh téarma a bhronnadh ar léirmheasa ar leabhair, ar ailt faoi thopicí atá bainteach le cúrsaí reatha, agus araile.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Breathnaíodh ullmhúchán ar chaighdeán ard ag an múinteoir sna ranganna uile agus bhí scéimeanna oibre mionsonraithe ullmhaithe do na haoisghrúpaí go léir. Tá moladh ag dul don phleanáil shonrach atá déanta, sa timthriall sóisearach agus sa timthriall sinsearach araon, chun freastal ar riachtanais scoláirí atá ag ullmhú don ardeibhéal agus scoláirí atá ag ullmhú don ghnáthleibhéal sa rang-ghrúpa céanna.
- Ba sa bhliain 2011 a thosaigh an Idirbhliain sa scoil. Moltar, le himeacht ama, go mbunófaí nasca idir foghlaim an Bhéarla san Idirbhliain agus imeachtaí fadbhunaithe liteartha sa Ghailimh de leithéid na féile Cúirt, chun chur le heolas na scoláirí maidir le saothar údair atá fós beo.
- Tá moladh tuillte don tús atá curtha le féin-mheasúnú sa phleanáil don Bhéarla. Ag tógáil ar seo, moltar go gcuirfí tús freisin le planáil fhoirmiúil gnímh mar chleachtas planála roinne.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinní agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus an múinteoir ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

Aguisín

FREAGRA NA SCOILE AR AN TUAIRISC

Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

Tá an scoil sásta leis an tuairisc.

Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur I bhfeidhm

Tá na moltaí a déanadh mar chuid larnach de phleanáil na scoile agus mar ghné de féin-mheasúnú scoile.